Annamh teach i dtréidhibh Leithbhir

[Ó Lochlainn, C.: 'An unpublished poem of Tadhg Dall Ó Huiginn', *The Irish Book Lover*, vol. 23, 1935, 5-6]

1  Annamh teach i dtréidhibh Leithbhir
re linn Chuinn do chuala mé
tréidhe an toighe ar thrí modhaibh
do bhí roimhe ar Tholaigh dTé.

2  An chéadmhodh dhíobh - dearbhaid eólaigh -
d'iomad corma ag cách na dtigh
bídh rún gach éinfhir ga aroile
i múr féinnidh Doire um dhigh.

3  Annamh beantar béim ar leabaidh
i lios mhílidh Mhuighe Cró
lór le fear a uille d'adhbha
an fhleadh uile as damhna dhó.

4  Do sgís an óil le hucht maidne
i múr suaithnidh na sreabh mall
an feadh atá ag ógbhaidh Éireann
níor fógradh lá d'éirgheadh ann.

5  Ní raibhi ag Macha i múr Eamhna
níor orduigh Meadhbh na múr féin
glóir nach bfuair baincheann an bhrogha
aithghearr uaim a chora i gcéill.

6  Atá ciall nach cuirthe i leabhroibh
mo laoidh shuaitheanta shé rann
i dtigh óil bhus gnáth a gabháil -
cóir an fáth re a fhagháil ann. Annamh.